Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.338 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh táirgeadh cuntas leithreasa, mar atá leagtha síos ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, curtha i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

***Stoic agus sócmhainní caipitil***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líonta na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 leithdháilte ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór do na shócmhainní caipitil idir an An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus An Roinn Airgeadais leithdháiltear úsáid na shócmhainní caipitil ar bhonn líon na foirne freisin. Suas go dtí 31 Nollaig 2010, bhí na shócmhainní caipitil go léir taifeadta ar chlár shócmhainní na Roinne Airgeadais. Níl suíomh an aonaid ghnó á taifeadadh ag an gclár sócmhainní atá ag baint úsáid as an sócmhainne. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd atá ag aistriú go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bunaíodh í sa bhliain 2011. Go ginearálta, tá na sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealamh oifige a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D'ainneoin an méid thuasluaite, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní áirithe le haghaidh a húsáide eisiaí ag amanna áirithe ó bunaíodh í, agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo sin.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Táim ag brath ar an litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialacha chuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhisí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá Ráiteas faoi Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh an Roinne Airgeadais ábhartha freisin ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Chinntíonn an Roinn go bhfuil fócas chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Tuairiscíodh socrú soláthair amháin faoi Chiorclán 40/2002. Bhí luach iomlán de € 48,853 aige toisc gurb éigean don Roinn soláthróir na n-ionad sonraí féin a úsáid laistigh dá timpeallacht slán.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

27 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | | 16,719 | 16,513 | 15,092 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 42,812 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 685 | | | |
| | | | 43,497 | 41,100 | 37,899 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 59,531 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 685 | | | |
| | | | **60,216** | **57,613** | **52,991** |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,301** | **4,036** | **1,897** |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 56,230 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 685 | | | |
| | **Glanchaiteachas** | | **56,915** | **53,577** | **51,094** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 3,338,062 | 2,011,378 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (685,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,338,062** | **1,326,378** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

27 Márta 2019

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 29,251 | 28,152 |
| Pá | | 25,452 | 22,165 |
| Neamhphá | | 2,910 | 2,674 |
| **Ollchaiteachas** | | **57,613** | **52,991** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,036** | **1,897** |
| **Glanchaiteachas** | | **53,577** | **51,094** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (5,642) | | |
| Dímheas | 3,070 | | |
| | | (2,572) | (5,139) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (654) | | |
| Méadú ar stoc deiridh | 6 | | |
| | | (648) | (1,111) |
| **Caiteachas díreach** | | **50,357** | **44,844** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,294 | 3,531 |
| Measchíosanna | | 2,365 | 2,252 |
| **Costas chlár ghlan** | | **58,016** | **50,627** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | 815 | 882 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 362 | 410 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,134 | 2,182 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,229 | 1,040 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte | 41 | 46 |
| | **6,581** | **4,560** |
| | | |
| Costais cionroinnte do TF tacaíochta do Vótaí eile | (1,287) | **(1,029)** |
| | **5,294** | **3,531** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | €000 | €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **10,298** | **8,122** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,839 | 2,066 |
| Stoic | 2.4 | 21 | 27 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,142 | 2,575 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 361 | 221 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **5,363** | **4,889** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 319 | 406 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,264 | 1,612 |
| Maoiniú glan don Státchiste dlite | 2.7 | 936 | 675 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,519** | **2,693** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,844 | 2,196 |
| **Glansócmhainní** | | **13,142** | **10,318** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **13,142** | **10,318** |

### 2.1 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 10,318 | 4,069 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 56,230 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (685) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,338) | | |
| Vóta glan | | | 53,577 | 51,094 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 5,294 | 3,531 |
| Míreanna neamhairgid – athruithe diúscairtí | | | (396) | (1) |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | 2,365 | 2,252 |
| Costas chláir ghlan | | | (58,016) | (50,627) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **13,142** | **10,318** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 18,229 | 218 | 3 | **305** | 18,755 |
| Breiseanna | 3,899 | 10 | — | 1,733 | 5,642 |
| Go mbaintear úsáid astu | 833 | — | — | (833) | — |
| Coigeartu[a] | (677) | (108) | (1) | — | (786) |
| Diúscairtí | (28) | — | — | — | (28) |
| **Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018** | 22,256 | 120 | 2 | 1,205 | 23,583 |
| | | | | | |
| Dímheas carntha | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 10,566 | 64 | 3 | — | 10,633 |
| Dímheas don bhliain | 3,058 | 12 | — | — | 3,070 |
| Dímheas ar choigeartú | (358) | (31) | (1) | — | (390) |
| Dímheas ar dhiúscairtí [a] | (28) | — | — | — | (28) |
| **Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018** | 13,238 | 45 | 2 | — | 13,285 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **9,018** | **75** | **—** | **1,205** | **10,298** |
| | | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 7,663 | 154 | — | 305 | 8,122 |

Notaí [a] Baineann an coigeartú seo le luachanna sócmhainní aonair de luach níos lú ná €1,000 a bhaint ón gclár sócmhainní. Tá an chuid is mó de na sócmhainní seo fós in úsáid.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 1,839 | 1,943 |
| Iarmhéid cuntas bainc eile | — | 123 |
| | **1,839** | **2,066** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 10 | 10 |
| Ábhair inchaite TF | 11 | 17 |
| | **21** | **27** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 9 | 9 |
| Caiteachas scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe | 178 | 138 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 16 | 42 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 158 | 32 |
| | **361** | **221** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 477 | 650 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 212 | 259 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 247 | 218 |
| Cáin Bhreisluacha | 156 | 72 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 2 | 91 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 4 | 3 |
| Géilleadh thuarastal Aire | — | 8 |
| | 1,098 | 1,301 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | — | 149 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 166 | 162 |
| | **1,264** | **1,612** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 3,338 | 1,326 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 685 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (2,402) | (1,336) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **936** | **675** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,839 | 2,066 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 361 | 221 |
| | 2,200 | 2,287 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,098) | (1,301) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (166) | (311) |
| | (1,264) | (1,612) |
| | **936** | **675** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 599 | 360 |
| Tionscadail chaipitiúla | 454 | — |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | **1,053** | **360** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastacháin ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 9 | 3 |

## 2.10 Dliteanais teagmhasacha

Fuair an Roinn breithiúnas deiridh ina fabhar maidir le cás dlíthiúil agus dámhadh cuid de na costais i bhfabhar na Roinne. Mar sin féin, tá dliteanas ar an Roinn freisin maidir le roinnt costais agus tá an méid atá i gceist á chinneadh trí phróiseas measúnaithe agus tomhais na gcostas dlí a dhéanfaidh Oifig an Mháistir Fómhais. Meastar gur fiú €260,000 na dliteanais theagmhasacha atá ag an Oifig.

Fuair an Roinn fógra freisin maidir le héileamh díobhála pearsanta atá le cur faoi bhráid na gcúirteanna in 2019.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 25,798 | 25,452 | 22,165 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 322 | 287 | 265 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,071 | 1,162 | 1,029 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 344 | 198 | 186 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,143 | 994 | 987 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 468 | 269 | 195 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 37 | — | 12 |
| | | **29,183** | **28,362** | **24,839** |

**Athrúcháin shuntasach**

Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair. Tugtar cuntas iontu seo a leanas ar na cúiseanna go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

*Iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €344,000, toradh €198,000

Tharla an gannchaiteamh de €0.1m maidir le seirbhísí poist agus teileachumarsáide toisc go bhfuil na seirbhísí seo ag brath ar éileamh agus mar sin is deacair iad a mheas.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €468,000, toradh €269,000

Tharla an coigilteas de € 0.2 milliún maidir le costais áitreabh oifige mar gheall nár thug soláthraithe an bille do na costais laistigh den bhliain chomh maith le cóiríocht a fuair an Roinn i bhfad níos déanaí sa bhliain ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Polasaí Earnálach agus Caiteachais Phoiblí

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,097 | 8,552 | 7,614 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 588 | 443 | 797 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 2,775 | 2,775 | 2,675 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,272 | 1,177 | 1,275 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 638 | 631 |
| A.6 | Clár Síochána/INTERREG Thuaisceart Éireann | 890 | 833 | 608 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | 1,300 | 1,030 | 998 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige | 150 | 131 | 131 |
| A.9 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 228 | 23 | 101 |
| A.10 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 519 | 755 | 262 |
| A.11 | Seirbhís Eacnamaíochta & Meastóireachta Rialtas na hÉireann | 250 | 156 | 178 |
| | | **16,719** | **16,513** | **15,270** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár A agus €206,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Míníodh athrúcháin ar chaiteachas riaracháin cheana féin agus ba é an méid seo a leanas ba mhó a bhí i gceist le hiarmhéid na hathrúcháin de €516,000:

*A.7 Comhlacht Cláir AE Speisialta*

Soláthar mheastacháin: €1.3 milliún, toradh €1.03 milliún

Tharla an coigilteas i gcaiteachas de €270,000 maidir leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar na moille i gcaiteachas an chláir 2014-2020, agus mar thoradh ar an ráta malairte fabhrach euro go steirling tháinig laghdú ar chaiteachas.

*A.9 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile*

Soláthar mheastacháin: €228,000, toradh €23,000

Tharla an coigilteas i gcaiteachas de €205,000 maidir leis an soláthar meastacháin mar gheall ar uainiú na n-athbhreithnithe ar Scéimeanna Tionchair Timpeallachta Faoisimh Tuilte an OOP chun dearbhú ón Aire a fháil. D'eascair coigilteas freisin ar roinnt tionscadal comhairliúcháin molta sa Rannán Tuairiscithe Polasaí agus Caiteachais mar gheall ar chur i gcrích intí na hoibre, agus de bharr nach raibh roinnt gníomhaíochtaí pleanáilte ag dul ar aghaidh mar gheall ar thosaíochtaí gnó iomaíocha eile, rud a chuir leis an toradh níos ísle.

*A.10 Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne*

Soláthar mheastacháin: €519,000, toradh €755,000

Tharla an méadú ar chaiteachas €236,000 maidir leis an soláthar meastacháin mar gheall ar roinnt scor nach raibh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne ag súil leo nuair a bhí na Meastacháin Athbhreithnithe á dtabhairt chun críche go déanach in 2017.

## Clár B Bainistiú agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 17,701 | 16,899 | 14,550 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,797 | 2,467 | 1,877 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | | 40 | 40 | 33 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | | 618 | 302 | 291 |
| B.6 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | | | | |
| | Bunaidh | 12,465 | | | |
| | Géilliúint Iarchurtha | 685 | 13,150 | 13,433 | 14,441 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | | 2,050 | 1,599 | 1,862 |
| B.8 | Seirbhís chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | | 1,356 | 1,347 | 1,305 |
| B.9 | An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí | | 360 | 307 | 166 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbartha na statseirbhíse | | 2,100 | 1,395 | 87 |
| B.11 | Tionscadal riaracháin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair | | 380 | 367 | 164 |
| B.12 | Cur i bhfeidhm an Achta Nochtadh Cosanta | | 220 | 220 | 220 |
| | | | **43,497** | **41,101** | **37,721** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár B agus €2.397 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Míníodh athrúcháín ar chaiteachas riaracháin cheana féin agus ba é an méid seo a leanas ba mhó a bhí i gceist le hiarmhéid na hathrúcháín de €1.265 milliún:

*B.5* *Seirbhísí comhairleoireachta agus eile*

Soláthar mheastacháin: €618,000, toradh €302,000

Tharla an coigilteas i gcaiteachas de €316,000 maidir leis an soláthar meastacháin, go príomha, mar gheall ar chostais a bhain le cás cúirte nár tháinig chun cinn in 2017 chomh maith le roinnt coigilteas beaga ar fud na n-aonad gnó i gClár B.

*B.7* *Clár oibre athchóirithe*

Soláthar mheastacháin: €2.05 milliún, toradh €1.599 milliún

Tharla an coigilteas i gcaiteachas de €451,000 maidir leis an soláthar meastacháin de bharr meascán de choigilteas beaga thar roinnt réimsí beartais agus cláir i leith acmhainní agus cumas a chur ar fáil.

*B.10* *Clár foghlama agus forbartha na státseirbhíse*

Soláthar mheastacháin: €2.1 milliún, toradh €1.395 milliún

Tharla an coigilteas i gcaiteachas de €705,000 maidir leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an bpróiseas soláthair chun an t-ardán TF a fhorbairt a theastaíonn don tseirbhís foghlama agus forbartha sa státseirbhís a mhair níos faide ná mar a ceapadh. Críochnaíodh an obair ar an ardán TF i 2019.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cláir an AE | 1,500 | 1,924 | — |
| 2 | Farasbairr um shreabhadh airgid pinsin | 56 | 58 | 58 |
| 3 | Ilghnéitheach | 45 | 81 | 74 |
| 4 | Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,700 | 1,973 | 1,765 |
| | Iomlán | **3,301** | **4,036** | **1,897** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €735,000 níos lú ná an meastachán.

Tá míniúcháin na n-athrúcháin leagtha amach thíos:

1 *Cláir an AE*

Soláthar mheastacháin: €1.5 milliún, toradh €1.924 milliún

Tharla an méadú de €424,000 mar gheall ar íocaíochtaí a bhíothas ag súil leo ag deireadh 2017 ach nach bhfuarthas iad go dtí 2018. Mar gheall ar uainiú déanach na bhfáltas, níor cuireadh san áireamh iad i meastacháin 2018.

4 *Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €1.7 milliún, toradh €1.973 milliún

Tharla an méadú de €273,000 mar gheall ar an méadú ar líon na ndaoine chomh maith leis na hathruithe a rabhthas ag súil leo i gcomhdhéanamh na foirne mar gheall nach raibh daoine ag dul ar scor agus mar gheall ar láimhdeachas nár baineadh amach.

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 8 | — |
| Géilleadh saoráladh tuarastal aire | 4 | 8 |
| Aisíocaíocht dámhachtain sonraí oscailte | 3 | — |
| Aisíocaíocht Interact III AE | 5 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (20) | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | 8 |

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 431 | 397 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 26,129 | 23,076 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 262 | 250 |
| Liúntais eile | 145 | 144 |
| Ragobair | 51 | 32 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,785 | 1,475 |
| **Pá iomlán[a,b]** | **28,372** | **24,977** |

Nótaí [a] Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.6, A.7, B.1, B.7. agus B.8.

[b] Ní chuirtear na baill fhoirne sin a bhíonn ag obair i gComhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) a bhfuil a gceanncheathrú suite i mBéal Feirste san áireamh i líon foirne CPA. Is comhlacht Thuaidh/Theas é CCSAE a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus cuireann CPA lena gcuid costas párolla ó fho-cheannteidil A.6 agus A.7, atá san áireamh i gcúrsaí pá thuas.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 41 | 8 | 20,806 | 29,414 |
| Liúntais eile | 11 | — | 8,866 | 12,498 |
| Ragobair | 36 | — | 8,931 | 5,600 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 4 | 18,860 | 14,338 |

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €7,969 (2017: €146,586) maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2018 uile nó cuid de agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

Faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúraithe den Chlár 1% Iomaíochais agus Oibre (CIO) de chuid AHCPS, fuair 40 oifigeach (2017: 37) €90,482 san iomlán (2017: €83,787) i leith liúntas CIO /sinsearachta.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana maidir le 23 duine aonair agus €49,978 (2017: €18,224, 10 nduine aonair). As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm ar €26,806 (2017: €9,344) maidir le hochtar. Aistríodh ceathrar a raibh pleananna téarnaimh i bhfeidhm acu arbh fhiú €7,418 iad chuig Ranna eile sa bhliain.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú an AE

Cuimsíonn an táirgeacht a thaispeántar i gceannteidil A.4, A.5, A.6 agus A8 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE.

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,006 | 927 | 1,044 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 638 | 631 |
| A.6 | Clár Síochána/INTERREG Thuaisceart Éireann | 890 | 833 | 608 |
| A8. | INTERREG Tras-Náisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige | 150 | 131 | 131 |
| | | **2,696** | **2,529** | **2,414** |

## 6.2 Coistí agus coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | 1950/51 | 23 | 17 |
| An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí [b] | 2017 | 307 | 166 |
| | | **330** | **183** |

Nótaí [a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a bhaint amach idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, chun leasa an phobail.

[b] Bunaíodh Coimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí chun nithe a bhaineann le luach saothair sa tseirbhís phoiblí a bhreithniú agus chun tuairisc a thabhairt don Rialtas.

## Nóta 7 An Ciste Teagmhais

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **1,200** | **1,200** |

Nota Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus a d'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh i 2014, cinneadh gur cheart an ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

## Aguisín A Cuntais na comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchoirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh Márta 2019, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na rinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2017 | 5 Nollaig 2018 | 21 Nollaig 2018 | 12 Márta 2019 |
| An Foras Riaracháin | 2017 | 15 Meán Fómhair 2018 | 17 Samhain 2018 | 13 Nollaig 2018 |
| An Ciste Oideachais Éireann - Stát Aontaithe | 2017 | 21 Samhain 2018 | 21 Samhain 2018 | 31 Nollaig 2018 |
| Rialtóir an Chrannchur Náisiúnta | 2017 | 7 Iúil 2018 | 9 Samhain 2018 | 22 Samhain 2018 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AE | 2017 | 7 Iúil 2018 | 9 Samhain 2018 | 29 Samhain 2018 |
| Maoin Stát Cuntas Taisce Ilchineálach | 2017 | 18 Nollaig 2018 | 18 Nollaig 2018 | 31 Nollaig 2018 |
| Cuntas infheistíochta an chiste cosanta taistealaithe | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 31 Nollaig 2018 |